

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
TUAIRISC

Scoil Aonghusa,
Geata an Domhnaigh, Droichead Átha,
Co. Lú
Uimhir rolla: 19740V

Dáta na cigireachta: 15 Bealtaine 2014



1. Réamhrá

Is scoil lán-Ghaeilge chomhoideachas í Scoil Aonghusa a fheidhmíonn faoi phátrúnacht Ardeaspaig Chaitliceach Ard Mhacha. Tá 208 dalta cláraithe sa scoil agus tinreamh maith ag a bhformhór. Tá príomhoide riaracháin agus aon oide déag fostaithe sa scoil ina n-áirítear ochtar oide ranga príomhshrutha agus triúr oide sna suímh thacaíochta. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

2. Achoimre ar thátail agus moltaí d'fhorbairt bhreise

Is iad seo a leanas **príomh-láidreachtaí** obair na scoile:

- Cothaítear atmaisféar sona foghlama Gaelach sa scoil agus léiríonn na daltaí dílseacht don Ghaeilge agus fonn chun foghlama.
- Baineann na daltaí caighdeán ard gnóthachtála amach i ngnéithe den Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic.
- Riarann an príomhoide agus an fhoireann bhainistíochta in-scoile gnó na scoile go héifeachtúil.
- Saothraíonn an fhoireann teagaisc go dúthrachtach ar son leas na ndaltaí.
- Tá an bord bainistíochta tiomanta d'fhorbairt na scoile.
- Tugann coiste na dtuismitheoirí agus pobal na scoile tacaíocht an-mhaith don scoil.
- Cruthaítear timpeallacht fhoghlama spreagúil don fhoghlaim sa scoil.

Tá na **príomh-mholtaí** seo a leanas á ndéanamh:

- Moltar don bhord bainistíochta cloí le forálacha na n-implitreach 11/95, le cinntiú go mbíonn na naíonáin ar scoil don tréimhse ama chuí.
- Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar dhualgais na foirne bainistíochta in-scoile le go neartófaí a gceannasaíocht churaclaim i gcomhthéacs na dtosaíochtaí aitheanta scoile.
- Ní mór cur chuige comhaontaithe uile-scoile don phleanáil ranga a chur i bhfeidhm agus athbhreithniú a dhéanamh ar an dteimpléad do thaifead na gcuntas míosúla.
- Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean Gaeilge agus straitéisí d'fhorbairt theanga chognaíoch na ndaltaí a rianú ann. Ní mór an próiseas scríbhneoireachta a chur i bhfeidhm ar bhonn uile-scoile chun a gcumas scríbhneoireachta a fhorbairt a thuilleadh.
- Moltar polásaí measúnaithe a dhearadh chun go rachadh an measúnú i bhfeidhm ar an bhfoghlaim ar bhonn córasach uile-scoile.
- Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar uile-scoile don oideachas tacaíochta.

3. Cáilíocht bhainistíocht na scoile

- Oibríonn an bord bainistíochta go dícheallach ar son na scoile. Tá na baill tiomanta d'fhorbairt na scoile agus roinneann siad a saineolas go fial chun a ndualgaisí a chomhlíonadh. B'inmhianaithe go mbeadh taifead ar chruinnithe boird coinnithe i nGaeilge. Is gá a chinntiú go gcloítear le hImlitir 11/95 ionas go bhfreastalaíonn na naíónáin ar scoil don tréimhse ama chuí.
- I gcomhpháirt le baill eile den bhainistíocht in-scoile riarann an príomhoide gnó na scoile go héifeachtúil. Cothaítear comhghaol comhoibritheach i measc na múinteoirí agus spreagtar iad chun rannpháirtíochta in obair na scoile. Comhlíonann baill na foirne bainistíochta in-scoile a ndualgais go díograiseach. Le tógáil ar an gceannasaíocht churaclaim atá á forbairt acu cheana féin, moltar athbhreithniú a dhéanamh ar a ndualgais le cinntiú go bhfuil siad ag teacht le tosaíochtaí aitheanta na féinmheastóireachta scoile.
- Tá na ranganna roinnte idir ochtar múinteoirí príomhshrutha. Le cinnteacht a chruthú maidir le dáiliú na n-oidí ar ranganna ní mór polasaí a dhearadh agus critéir comhaontaithe a leagan síos chuige. Tuairiscítear go bhfreastalaíonn na hoidí ar réimse de chúrsaí oiliúna. Is fiú go mbeadh ceangal láidir idir na cúrsaí seo agus tosaíochtaí na scoile. Tacaíonn an rúnaí go dícheallach le riar na scoile.
- Bainistítear acmhainní ábhartha na scoile go héifeachtúil. Cé go bhfuil na suímh fhoghlama srianta ó thaobh toise de, déantar an-iarracht an timpeallacht a choinneáil slachtmhar agus spreagúil. Baintear leas tairbheach as réimse leathan áiseanna teagaisc, an fearas teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) san áireamh. Sna ceistneoirí a dáileadh ar na daltaí le linn na meastóireachta, áfach, léirigh beagnach leath díobh éiginnteacht maidir leis an úsáid a bhaineann siad as ríomhairí. B'fhiú a chinntiú anois go méadaítear ar a n-úsáid ar bhonn uile-scoile.
- Tá an scoil mar chuid lárnach den phobal as a n-eascraíonn sí. Tugann coiste na dtuismitheoirí tacaíocht bhreá don scoil. Léirigh ionadaithe an choiste a gcuid sástachta le mórchuid de ghnéithe na scoile. Baintear feidhm as straitéisí éagsúla chun caidreamh baile scoile a chothú agus coinnítear na tuismitheoirí ar an eolas maidir le dul chun cinn a bpáistí féin. Sna ceistneoirí, a dáileadh le linn na meastóireachta, áfach, mheas roinnt suntasach tuismitheoirí nach lorgaíonn an scoil a dtuairimí maidir le cúrsaí scoile. Moltar don bhord a n-ionchur a éileamh go rialta.
- Le linn na meastóireachta léirigh na daltaí dea-bhéasa, féin-mhuinín agus ardleibhéal dílseachta don scoil agus don Ghaeilge. Bhí fonn foghlama orthu agus iad comhoibritheach, comhpháirteach i ngníomhaíochtaí foghlama. Bheadh sé tráthúil, anois, comhairle na ndaltaí a bhunú.

4. Cáilíocht na pleanála scoile agus na féinmheastóireachta scoile

- Tá tús maith curtha leis an bpróiseas féinmheastóireachta scoile. Leagadh amach spriocanna agus straitéisí feabhsuithe d'fhoghlaim agus do theagasc na matamaitice. Ní miste, áfach, anailís níos doimhne a dhéanamh ar thorthaí foghlama na ndaltaí chun spriocanna feabhsuithe níos intomhaiste agus níos cruinne a rianú.
- Tá raon polasaithe curaclaim agus riaracháin deartha ag an bhfoireann i gcomhar leis an mbord bainistíochta. B'fhiú ionchur na dtuismitheoirí a láidriú sa phróiseas pleanála seo. I gcuid de na pleananna curaclaim ba chóir na spriocanna foghama atá le sroíchint agus na scileanna atá le foghlaim a rianú go soiléir do gach rang-leibhéal.

- Ní mór cuid de na pleananna riaracháin a athbhreithniú; moltar nósanna imeachta fionraíochta agus díbeartha a rianú sa chód iompair agus an critéir ina dtugtar áit do dhaltá a shoiléiriú sa bheartas clárúcháin. Cé go bhfuil polasaí um oideachas caidrimh agus gnéasachta (OCG) ar fáil ar shuíomh gréasáin na scoile léirigh líon suntasach tuismitheoirí nach raibh sonraí an pholasaí curtha in iúl dóibh. Moltar don bhainistíocht na tuismitheoirí a chur ar an eolas go rialta maidir le polasaithe na scoile.
- Le linn na meastóireachta, cuireadh pleanáil ranga ar fáil, lena bhain caighdeán éagsúil. Ní mór cur chuige comhsheasamhach uile-scoile don phleanáil ranga a fhorbairt. Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar leagan amach na gcuntas míosúla chun go núsáidí iad le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm spriocanna feabhsuithe na scoile.
- Thug údarás na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhuscoile, gan athrú ná leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhuscoile.

5. Cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí

- Ar an iomlán, tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí amhaidh. Sna cleachtais ab fhearr a breathnaíodh baineadh feidhm as modhanna múinte éifeachtacha a chur béim ar straitéisí difreálaithe, ar chomhtháthú oiriúnach agus ar athchleachtadh rialta. Moltar na dea-chleachtais seo a leathnú tríd an scoil. Ar an iomlán forbraítear scileanna, coincheapa agus eolas na ndaltaí go hoiriúnach.
- Déantar monatóireacht bhliantúil ar thorthaí scrúdaithe caighdeánaithe na ndaltaí sa litearthacht agus san uimhearthacht. Bailítear eolas, idir chainníochtúil agus cháilíochtúil, agus coimeádtar taifid leanúnacha gnóthachtála ar dhul chun cinn na ndaltaí. Moltar polasaí measúnaithe a fhorbairt, raon níos leithne d'uirlisí measúnaithe a úsáid agus anailís chruinn a dhéanamh ar na torthaí. D'fhéadfaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar scileanna féinmheastóireachta na ndaltaí.
- Tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí sa Ghaeilge go maith. Sonraítear atmaisféar Gaelach sa scoil agus déantar iarracht chreidiúnach feasacht don chultúr a chothú i measc na ndaltaí. B'fhiú, anois, an lántumoideachas a threisiú sna luathranganna ar mhaithe leis an teanga a shealbhú níos túisce.
- Baintear feidhm oiriúnach as gníomhaíochtaí éisteachta, as scéalaíocht agus as an bhfilíocht chun tuiscint na ndaltaí ar an nGaeilge a éascú. Labhraíonn na daltaí go líofa ar raon ábhar agus i gcuid de na ranganna cuirtear go tuisceanach lena saibhreas teanga. Ag tógáil ar an obair mhaith seo ní mór plean comhtháite labhartha a fhorbairt i gcomhthéacs théamaí an churaclaim agus plean a dhearadh d'fhorbairt theanga chognaíoch na ndaltaí.
- Léann formhór na ndaltaí de réir a gcumas féin le tuiscint agus le líofacht shásúil. Cuireann an cleachtadh rialta agus na gníomhaíochtaí léitheoireachta a eagraítear, i gcuid de na ranganna, go mór le forbairt scileanna na ndaltaí. B'fhiú an dea-chleachtas seo a leathnú ar bhonn céimniúil uile-scoile. Tá leabharlann scoile tharraingteach eagraithe sa scoil. B'fhiú, anois, suim na ndaltaí a spreagadh chun ábhar níos leithne a léamh.
- Tá cruinneas agus saibhreas teanga le sonrú i gcuid de shaothar scríofa na ndaltaí. Is inmholta mar atá plean comhtháite litrithe uile-scoile á fhorbairt don scríbhneoireacht. Moltar próiseas na scríbhneoireachta a chur i bhfeidhm ar bhonn uile-scoile chun cur ar

chumas na ndaltaí an saor scríbhneoireacht a chleachtadh i seánraí éagsúla ó na luathbhlianta ar aghaidh.

- Tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí an-mhaith sa Bhéarla. Tá réimse scileanna labhartha sealbhaithe go torthúil acu. Leagtar béim fhóna ar an bhfilíocht agus glacann daltaí sna hardranganna páirt ghníomhach i ndíospóireachtaí ranga. I gcuid de na ranganna, b'fhiú foclóir a shainaithint chun cur le forbairt chéimniúil scileanna labhartha na ndaltaí. Cuirtear raon leathan d'ábhar léitheoireachta ar fáil do na daltaí. Forbraítear suim agus scileanna litearthachta na ndaltaí go héifeachtach agus léiríonn siad torthaí foghlama inmholta. Cuirtear deiseanna oiriúnacha ar fáil don scríbhneoireacht chruthaitheach i réimse leathan de sheánraí agus baineann caighdeán ard lena saothar.
- *The quality of teaching, learning and pupil attainment is very good in English. A range of speaking skills has been successfully developed. A good emphasis is placed on poetry and pupils in senior classes participate in class debates. In some classes it is recommended that vocabulary be systematically identified to enhance pupils' speaking skills. A wide range of reading materials is made available to pupils. Pupils' interest and literacy skills are effectively developed and they demonstrate praiseworthy learning outcomes. Suitable opportunities are provided for them to write creatively in a variety of genres and their work is of a high standard.*
- Tá idir dhea-chleachtas agus ardchleachtas le sonrú i gcáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí sa Mhatamaitic. Baintear feidhm thairbheach as modhanna múinte éifeachtacha, as tacaíocht in-ranga agus as obair chomhoibrítheach chun freastal ar chumais éagsúla na ndaltaí i roinnt ranganna. Léirigh formhór na ndaltaí máistreacht ar achair shainiúla ábhair agus inniúlacht mhaith i dtuiscint choincheapúil, i réasúnaíocht agus i ríomh na noibríochtaí uimhris. Cruthaítear nasc feiliúnach idir an mhatamaitic agus gnáth shaol na ndaltaí. Faoi láthair, agus an plean feabhsuithe scoile á chur i bhfeidhm, tá straitéisí oiriúnacha á bpleanáil chun cumas na ndaltaí i réiteach fadhbanna agus i dteanga na matamaitice a fheabhsú.
- Tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí go maith sa Tíreolaíocht. Baineann na hoidí úsáid thairbheach as timpeallacht na scoile chun gnéithe áirithe den ábhar a mhúineadh. Tá acmhainní éagsúla bailithe ag foireann na scoile agus úsáidtear iad go rialta mar thaca do théamaí áirithe. Léiríonn na daltaí eolas agus tuiscint mhaith ar na hábhair atá múinte agus forbraítear a gcuid scileanna tíreolaíochta go hoiriúnach. Is inmholta mar atá tionscnaimh déanta ag cuid de na ranganna. Ar mhaithe le leanúnachas na foghlama tríd an scoil moltar taifead níos cuimsithí a choimeád ar obair na ndaltaí. Is inmholta mar atá an scoil páirteach i dtioscnamh náisiúnta imshaoil.

6. Cáilíocht na tacaíochta do dhaltaí

- Tá cáilíocht an tsoláthair do dhaltaí le riachtanais speisialta go maith, ar an iomlán. Soláthraítear próifíl agus pleananna aonair oiriúnacha do dhaltaí le riachtanais speisialta foghlama. Sa phleanáil ghearrthréimhseach ab fhearr a chonacthas bhí na spriocanna foghlama bunaithe ar phlean oideachais aonair an dalta, intomhaiste agus rianaithe go soiléir agus taifead déanta ar dhul chun cinn na foghlama. Ba chóir an cleachtas maith seo a leathnú sna suímh thacaíochta ar fad. B'fhiú a thuilleadh leasa a bhaint as réimse de thrialacha diagnóiseacha chun riachtanais foghlama shainiúla na ndaltaí a aithint.
- Sna ceachtanna a breathnaíodh, sonraíodh caidreamh comhbhách idir na hoidí agus na daltaí. Baineadh feidhm sciliúil as raon modhanna múinte agus eagraíodh idirghabhálacha tacúla, le comhtheagasc in-ranga éifeachtach, i gcásanna áirithe. Moltar an cleachtas

maith seo a leathnú. Cabhraíonn na cúntóirí riachtanais speisialta le rochtain an churaclaim a éascú do pháistí le riachtanais fhoghlama éagsúla.

- Moltar athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar uile-scoile don oideachas tacaíochta le cinntiú go bhfuil sé bunaithe ar an gcur chuige céimniúil agus go bhfuil critéir níos soiléire leagtha amach do roghnú na ndaltaí don tacaíocht bhreise, an Ghaeilge san áireamh. Is fiú comhordaitheoir scoile a ainmniú don obair seo.